


Is comhlacht nua de chuid an Aontais Eorpaigh é an tÚdarás Eorpach Saothair (UES) atá dírithe ar **shoghluaisteacht thrasteorann lucht saothair**. Is é an aidhm atá ag an gcomhlacht tacú le soghluaisteacht chothrom oibrithe laistigh den Aontas Eorpach, ag cur ar chumas saoránach agus gnóthaí tairbhe a bhaint as na deiseanna atá á gcur ar fáil ag an margadh aonair.





## Údarás Eorpach Saothair


Europe Direct: 00 800 6 7 8 9 10 11

EMPL-ELA-info@ec.europa.eu


ela.europa.eu
#EULabourAuthority


Print ISBN 978-92-95218-26-0 doi: 10.2883/950159 HP-01-19-724-GA-C
PDF ISBN 978-92-95218-15-4 doi: 10.2883/380103 HP-01-19-724-GA-N



© Údarás Eorpach Saothair, 2019
Deilbhíní © Shutterstock



Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh




ELA
AN TÚDARÁS EORPACH SAOTHAIR

# An tÚdarás Eorpach Saothair

## Cén fáth a bhfuil Údarás Eorpach Saothair bunaithe ag an Aontas Eorpach?

Is féiniméan atá ag fás san Eoraip é soghluaiseacht lucht saothair a bhfuil breis is 17 milliún saoránach atá ina gcónaí nó ag obair i dtír eile den Aontas Eorpach páirteach ann — a dhá oiread daoine agus a bhí i gceist 10 mbliana ó shin.

Bunaíonn an tAontas Eorpach rialacha maidir le cearta agus oibleagáidí a bhaineann le soghluaisteacht thrasteorann. Tá údaráis náisiúnta freagrach as na rialacha seo a fhorfheidhmiú, ach tá gá le comhar láidir trasteorann. Chomh maith leis sin, ní mór go mbeadh a fhios ag saoránaigh agus fostóirí cá bhfuil an fhaisnéis cheart le fáil. Is é sin an ról atá ag an Údarás Eorpach Lucht Saothair.

### Aidhm an Údaráis:

Rochtain ar fhaisnéis agus seirbhísí a éascú, agus a chinntiú go dtuigeann saoránaigh agus fostóirí a gcearta agus oibleagáidí.

Comhar idir tíortha an Aontais Eorpaigh a mhéadú agus a fheabhsú.

Calaois agus mí-úsáid a chosc agus déileáil leo.



## Céard a dhéanann an tÚdarás Eorpach Saothair?

### Tá obair an Údaráis dírithe ar na réimsí seo

- **Saorghluaiseacht oibrithe**
- **Comhordú slándáil shóisialta**
- **Postú oibrithe**
- **Obair neamhdhearbhaithe**

Chomh maith leis sin, cumhdaíonn sé reachtaíocht shóisialta san earnáil idirnáisiúnta iompair ar bóthar.

### Laistigh de na réimsí seo, déanann an tÚdarás an méid seo a leanas:

- éascaíonn sé rochtain ar fhaisnéis agus seirbhísí — lena n áirítear EURES a chomhordú;
- feabhsaíonn sé comhar agus malartú faisnéise idir tíortha an Aontais Eorpaigh;
- comhordaíonn sé cigireachtaí comhpháirteacha agus comhchigireachtaí;
- déanann sé anailís agus measúnú riosca;
- tacaíonn sé le tíortha an Aontais Eorpaigh le fothú acmhainneachta;
- tacaíonn sé le tíortha ann Aontais Eorpaigh déileáil le hobair neamhdhearbhaithe;
- déanann sé idirghabháil idir tíortha an Aontais Eorpaigh chun díopóidí trasteorann a réiteach



**Buiséad bliantúil measta:**

# €50 milliún

**Foireann:** thart ar 140 ball foirne, lena n-áirítear Oifigigh Idirchaidrimh Náisiúnta atá ar iasacht ag tíortha an Aontais Eorpaigh chun comhar díreach idir institiúidí a éascú



## Conas a oibríonn an tÚdarás Eorpach Saothair?

Seo a leanas struchtúr eagraíochtúil an Údaráis:

### Bord Bainistíochta:

Stiúrann an Bord an tÚdarás

**Baill:**

- Ball as gach tír an Aontais Eorpaigh
- Beirt bhall as an gCoimisiún Eorpach
- Saineolaí neamhspleách amháin atá ceaptha ag Parlaimint na hEorpa
- Ceathrar ball ag déanamh ionadaíochta ar eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta ag leibhéal an Aontais

**Breathnóirí:**

- Ionadaithe ó thíortha nach bhfuil san Aontas Eoprach a chuireann dlí an Aontais Eorpaigh chun feidhme laistigh de raon feidhme an Údaráis
- Ionadaithe ó ghníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais Eorpaigh atá gníomhach i ngnóthaí fostaíochta agus sóisialta

### Stiúrthóir Feidhmiúcháin:

Ionadaí dlí an Údaráis, atá freagrach as bainistíocht an Údaráis

### Grúpa Páirtithe Leasmhara:

Cuireann an Grúpa comhairle ar an Údarás

**Baill:**

- Beirt bhall ag déanamh ionadaíochta ar an gCoimisiún
- Deich mball ag déanamh ionadaíochta ar chomhpháirtithe sóisialta ag leibhéal Aontais